



Scoil Naomh Gobnait

Dún Chaoin

Trá Lí

Co. Chiarraí

V92 NY00

Polasaí Fóin Póca & Giurléidí Leictreonacha

Réamhrá

Cuireadh an polasaí seo le chéile mar fhreagra ar úsáid gléasanna leictreonach i measc an phobail. Ar leasa na bpáistí, tá an polasaí a leanas forbartha ag an bhfoireann i gcomhpháirt leis an mBord Bainistíochta agus tuismitheoirí na scoile. Is é príomh aidhm na scoile seo ná ard chaighdeán oideachais agus foghlama a chur ar fáil do gach leanbh sa scoil, in atmaisféar dearfach, cabhrach agus i dtimpeallacht shábháilte. Is féidir mí-úsáid a bhaint as gutháin agus giurléidí leictreonacha eile. Dá bhrí sin, tá polasaí á chur i bhfeidhm againn chun sábháilteacht agus príobháideachtas gach duine sa scoil a chosaint agus chun tacú le dea-riar na scoile.

2. Réasúnaíocht

Is féidir le giurléidí leictreonacha ar nós fóin phóca, táibléid, seinnteoirí MP3, consóil leictreonacha srl a bheith ionsúiteach agus suaiteach i suíomh scoile.

D'fhéadfadh úsáid fóin le ceamaraí iontu fadhbanna a chothú maidir le Chaomhnú Leanaí agus Cosaint Sonraí de bharr tógáil, úsáid agus scaipeadh de ghrianghraif mí-chuí.

3. Fóin Phóca

Níl cead fón póca a bheith ag leanbh ar scoil.

Ní mholann an Bord Bainistíochta go dtabharfaí fón cliste do pháiste bunscoile. Más gá fón a bheith ag leanbh ar bhonn sábháilte, is leor fón bunúsach.

4. Uaireadóirí Cliste

Más féidir le huaireadóirí cliste glaoch fóin a dhéanamh, teachtaireachtaí a sheoladh agus a ghlacadh is ionann iad agus fón póca agus tagann siad dá bhrí sin faoi na coinníollacha céanna a luaitear le fón póca sa pholasaí seo.

5. Giurléidí Leictreonacha

Is éard is giuirléid leictreonach ann ná aon ghiuirléid gur féidir leis:

- Gaoch a chur/téacs a sheoladh
- Teacht ar an idirlíon
- Grianghraf a ghlacadh

Níl cead giuirléidí nó consóil leictreonacha a thabhairt ar scoil i rith am scoile nó ar thurais scoile ach amháin i gcásanna eisceachtúil réamhshocruithe nuair a bhíonn sé molta ag an scoil ar bhonn oideachasúil.

6. Mí-Úsáid Fóin/ Giuirléidí Leictreonacha

Má úsáideann leanbh ar bith fón póca/ giuirléid leictreonach taobh istigh de thalamh na scoile, ar thuras scoile nó ag imeacht scoile, gearrfar piónós ar an leanbh agus beidh ar thuismitheoir teacht le haghaidh cruinniú leis an bpríomhoide.

Reachtú agus Athbhreithniú Rinne an Bord Bainistíochta reachtú ar an bpolasaí seo. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí de réir riachtanais.

Cathaoirleach an Bhoird

Dáta

Pádraig Ó Ríada
8/2/2024